Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

# Beartas um Chosaint Sonraí

*"Tá an ceart ag gach duine go gcosnófar a c(h)uid sonraí pearsanta."*

*(Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)*

**Prionsabail maidir le Cosaint Sonraí**

1. **Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht**
2. **Teorannú de réir Cuspóra**
3. **Íoslaghdú Sonraí**
4. **Cruinneas**
5. **Teorannú Stórála**
6. **Ionracas agus Rúndacht**

# Clár Ábhar

Réamhrá.....1

Beartas um Chosaint Sonraí .....2

Prionsabail maidir le Cosaint Sonraí.....2

Cearta an ábhair sonraí.....11

Freagracht ár bhfostaithe .....11

Ról agus Freagracht an Oifigigh Cosanta Sonraí .....12

Freagracht Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste .....13

Socruithe maidir le rialachas sonraí .....15

An prótacal chun sáruithe a thuairisciú.....15

**Aguisín 1**

Sainmhíniúcháin ar fhocail nó ar fhrásaí a úsáidtear maidir le cosaint sonraí pearsanta agus dá dtagraítear i dtéacs an Bheartais um Chosaint Sonraí.

**Aguisín 2**

Forfheidhmiú reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann.

**Aguisín 3**

Teagmhálacha Úsáideacha

# Réamhrá

Mar gheall ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus mar gheall ar an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (An tAcht 2018), tugadh isteach cearta feabhsaithe d'ábhar sonraí maidir le cosaint a gcuid faisnéise agus a gcuid sonraí pearsanta. Is ríthábhachtach dúinn agus do na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchadh slándáil agus cosaint na sonraí pearsanta a bhailíonn agus a choimeádann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá sé barrthábhachtach go gcaomhnaímid na caighdeáin is airde maidir le sonraí faoi rún a chosaint agus muinín an phobail.

Is bunús riaradh ár ngnó í an fhaisnéis mar tá ár n-obair bunaithe ar ghnáthaimh a bhaineann le scrúdú cáipéisíochta, fiosruithe ó riarthóirí, iniúchtaí agus deimhnithe tríú páirtí. Is príomhfhoinse fianaise iad taifid an chomhlachta iniúchta. Tugadh ceart reachtúil rochtana ar shonraí agus ar fhaisnéis dúinn lena chinntiú go bhfuilimid éifeachtach i gcomhlíonadh ár bhfeidhmeanna reachtúla. D'fhéadfadh faisnéis phearsanta a bheith i roinnt de na taifid agus den fhaisnéis ábhartha ar a dtugtar rochtain dúinn.

Táthar ag súil go gcaithfimid uile chomh cúramach agus is féidir le faisnéis phearsanta agus lena chinntiú nach mbeidh rochtain uirthi ach amháin nuair is gá le haghaidh ár bhfeidhmeanna iniúchta agus scrúdaithe. Tá sé faoi gach ball foirne freagracht phearsanta a ghlacadh lena chinntiú nach mbeidh rochtain ar shonraí nó nach nochtfar iad i mbealach míchuí.

Tá ár n-oibleagáidí a bhaineann le cosaint sonraí neartaithe ag réimse forálacha reachtaíochta agus riaracháin atá deartha le cearta agus leas saoránach agus cuideachtaí a chosaint. Áirítear sna forálacha sin an tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963, an RGCS, reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann, caighdeáin eiticiúla ghairmiúla agus Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, a chruthaíonn oibleagáidí a bhaineann le rúndacht sonraí oifigiúla agus le cosaint taifead ar rochtain gan chead, ar úsáid gan ghá, ar athrú, ar scrios nó ar nochtadh.

Seasann an beartas sin do dhea-chleachtas maidir le faisnéis atá ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chosaint.

**Colette Drinan**
**Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchta**

# Beartas um Chosaint Sonraí

## Cuspóir

I gcomhthéacs an RGCS agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann, is é aidhm an Bheartais um Chosaint Sonraí ná a chinntiú go mbeidh tuiscint ar na coincheapa maidir le cosaint sonraí ag gach fostaí de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) agus go mbeidh siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí féin. Cabhróidh sé sin leis an Oifig ina comhlíonadh reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann. Baineann an Beartas sin le gach taifead atá cruthaithe nó faighte ag an Oifig, ina bhfuil faisnéis phearsanta a bhaineann le daoine atá beo.

Is ionann sonraí pearsanta agus sonraí a bhaineann le duine atá beo ar féidir é nó í a aithint mar gheall ar na sonraí nó mar gheall ar na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá i seilbh rialaitheoir na sonraí nó i gcomhar le faisnéis gur dócha go dtiocfadh sí i seilbh rialaitheoir na sonraí.

Tá sé de cheart ag an bpobal i gcoitinne agus ag comhlachtaí iniúchta a bheith ar an eolas go bhfuil a gcuid faisnéise á próiseáil chun feidhmeanna dlisteanacha agus nach nochtar í ach nuair is ceadmhach amhlaidh a dhéanamh de réir an dlí.

## Prionsabail maidir le Cosaint Sonraí

Leagtar amach sé phrionsabal bharrthábhachtacha maidir le cosaint sonraí in Airteagal 5 den RGCS.

- dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht
- teorannú de réir Cuspóra
- íoslaghdú Sonraí
- cruinneas
- teorannú Stórála
- ionracas agus rúndacht.

Sa Bheartas um Chosaint Sonraí leagtar amach an bealach a gcuirimid na prionsabail sin i bhfeidhm chomh maith leis an méid mbítear ag súil leis ónár bhfoireann. Leagtar amach sa Bheartas freisin na socruithe freagrachta le haghaidh cosaint sonraí laistigh den Oifig.

# Prionsabal 1– dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht

**Tugtar faoi phróiseáil sonraí i mbealach dleathach, cothrom agus trédhearcach agus cuirtear faisnéis áirithe ar fáil d'ábhair sonraí a bhaineann le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta.**

Leagann Airteagal 6 den RGCS amach na himthosca faoina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach. Is iad seo

- thug an t-ábhar sonraí cead a s(h)onraí pearsanta a phróiseáil
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir sonraí faoina réir a chomhlíonadh
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun tasc a chomhlíonadh inar tugadh faoi ar son leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil a dhílsítear don rialaitheoir
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha an leasa dhlisteanaigh ar thug an riarthóir sonraí nó tríú páirtí faoi.

Léirítear ar fhógra príobháideachta ár suímh gréasáin, a bhfuil fáil air ar shuíomh gréasáin na hOifige, na bealaí ina mbailímid, ina gcoimeádaimid agus ina bpróiseálaimid sonraí pearsanta, an bunús dleathach don phróiseáil sin agus an cineál sonraí pearsanta a ndéileálaimid leo.

Go hachomair, bailímid, coimeádaimid agus próiseálaimid sonraí de réir ár bhfeidhmeanna reachtúla iniúchta agus scrúdaithe, mar dhuine forordaithe faoi reachtaíocht na nochtaí cosanta, maidir le himeachtaí a bhaineann le 'léargas iniúchta' nó i dtaca le hoibríochtaí riaracháin na hOifige.

Baineann iniúchadh le rochtain a fháil ar réimse faisnéise agus í a scrúdú. In alt 10 den Acht um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tugtar an t-údarás d'fhoireann iniúchta faisnéis agus míniúcháin a iarraidh ar riachtanach iad chun críche ár n-oibre. D'fhéadfadh bailiú agus próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist leis seo, mar shampla, íocaíochtaí ó chomhlachtaí iniúchta le daoine aonair.

# Prionsabal 1 *(ar lean)*

Táimid tiomanta don fhaisnéis a thugtar dúinn a láimhseáil faoi rún agus a chinntiú nach n-úsáidfear í nó nach nochtfar í ach amháin i mbealach a fhorálann an dlí. Foréileofar iarratais ar shonraí pearsanta chun críocha iniúchta nó scrúdaithe de réir plean iniúchta nó raon scrúdaithe agus cur chuige atá údaraithe ag bainisteoir.

# Prionsabal 2 - teorannú de réir cuspóra

**Ní phróiseáiltear sonraí pearsanta ach chun na críche nó chun na gcríocha ar chucu a bailíodh iad (agus chun críche nó críocha dlúthábhartha).**

Ní bhailímid sonraí pearsanta ach chun críoch ar leith, follasach agus dlisteanach. Ní úsáidimid faisnéis phearsanta ach chun na gcríoch ar tugadh dúinn í nó chun críoch a bhfuil baint dhíreach acu lenár bhfeidhmeanna reachtúla.

Éilíonn caighdeáin idirnáisiúnta iniúchta orainn fianaise a fháil agus a choimeád lena n-áirítear páipéir oibre, chun tacú lenár dtuairimí maidir le ráitis airgeadais agus chun tacú leis na conclúidí agus na torthaí sna tuarascálacha faoi scrúduithe luach ar airgead.

Ní thugaimid faisnéis phearsanta do ranna nó do chomhlachtaí eile de chuid an rialtais nó d'aon duine eile mura bhfuil an méid seo a leanas i bhfeidhm

- tá cead tugtha ag an duine aonair
- bheadh an duine ag súil go réasúnta leis, nó tá sé ráite leis, gur gnách go roinntear faisnéis den chineál sin leis na daoine aonair, ranna nó comhlachtaí sin
- éilítear nó údaraítear é i mbealach eile de réir an dlí nó
- tá sé réasúnta riachtanach leis an dlí coiriúil a chur i bhfeidhm nó le hioncam poiblí a chosaint.

Chun críocha an RGCS agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann, ní nochtadh é próiseáil sonraí pearsanta a dtugann conraitheoirí faoi thar ceann na hOifige. Ní mór go mbeidh a leithéid d'aistriú faoi réir comhaontuithe conartha cuí lena n-áirítear forálacha a bhaineann le cosaint sonraí a bhfuil socruithe slándála agus diúscartha nó coimeádta acu.

Tugtar treoir dár bhfoireann faoi bheartais agus nósanna imeachta maidir le haistriú sonraí agus freagrachtaí na gconraitheoirí agus ár sonraí á láimhseáil acu.

# Prionsabal 3 - íoslaghdú sonraí

**Teorannaítear bailiú sonraí pearsanta dá bhfuil dóthanach, riachtanacha agus ábhartha chun na gcríocha chucu ar bailíodh iad.**

Chun an prionsabal sin a chomhlíonadh, ní bhailítear de shonraí pearsanta ach a bhfuil riachtanach chun cuspóir ar leith a chomhlíonadh.

Is de réir caighdeáin idirnáisiúnta iniúchta a leagtar amach na nósanna imeachta atá le glacadh ag iniúchóirí maidir le fianaise dhóthanach agus chuí a fháil chun críche a gcuid oibre. Eisímid treoir do bhaill foirne agus cuirimid oiliúint ar fáil chun cloí le caighdeáin iniúchta agus leis an bprionsabal cosanta sonraí sin. Cuirtear béim sa treoir ar an ngá atá ann do na baill foirne a chinntiú gurb í an fhaisnéis atá á iarraidh an méid is lú faisnéise atá ag teastáil chun chuspóir an iniúchta nó an chuspóir tástála scrúdaithe a chomhlíonadh.

Nuair a iarrtar ar thacair mhóra nó iomlána sonraí lena n-áirítear faisnéis phearsanta le haghaidh samplála nó anailíse

- údaróidh an Leas-Stiúrthóir na hiarratais
- beidh na sonraí ar líonra an chomhlachta iniúchta nó ar líonra TFC na hOifige (agus de réir na riachtanas i mBeartas Faisnéise agus Slándála Sonraí na hOifige maidir lena gcoimeád laistigh den fheidhmchlár Teammate+, nuair is cuí)
- déanfaidh an comhlacht iniúchta an tacar sonraí a anaithnidiú nuair is féidir.

# Prionsabal 4 - cruinneas

**Ba chóir do shonraí pearsanta a bheith cruinn agus iad a choimeád suas chun dáta agus ba chóir tabhairt faoi gach beart réasúnta lena chinntiú go scriostar nó go gceartaítear sonraí pearsanta míchruinne.**

Bailímid agus próiseálaimid faisnéis phearsanta chun críocha riaracháin lena n-áirítear faisnéis faoi fhostaithe reatha nó faoi iarfhostaithe, faoi sholáthraithe agus faoi dhaoine eile a ndéanaimid cumarsáid leo. Tá rochtain ag baill foirne freisin ar a gcuid sonraí pearsanta atá ar chórais seirbhíse roinnte ar féidir leo a uasdátú chun a gcruinneas a chinntiú.

Is í an Oifig an rialaitheoir sonraí le haghaidh na sonraí pearsanta a phróiseálann sí. Leagadh ról an Oifigigh Cosanta Sonraí ar an Oifigeach Slándála.

Chun an prionsabal sin a chomhlíonadh, ba chóir do bhaill foirne a chinntiú

- gur cuireadh i bhfeidhm go hiomlán an riachtanas ginearálta chun sonraí pearsanta a choimeád suas chun dáta
- go bhfuil nósanna imeachta láimhe agus ríomhaireachta sásúil le hardchaighdeáin cruinnis sonraí a chinntiú
- go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm, lena n-áirítear athbhreithniú agus iniúchadh tréimhsiúil lena chinntiú go gcoimeádtar gach mír sonraí suas chun dáta
- go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta cuí, lena n-áirítear taifid a athbhreithniú ar bhonn rialta, na háiteanna is coitianta a ndéantar botúin iontu a aithint agus oiliúint a sholáthar, etc.
- go bhfuil sé de cheart ag gach duine faisnéis mhíchruinn a cheartú nó a scriosadh. Míneoidh baill foirne tacaíochta an bealach ar féidir leo gníomhú le comhghleacaithe agus tacú leo (agus le daoine eile) chun cruinneas sonraí a chinntiú.

Tá teorainn le hinfheidhmeacht an phrionsabail sin i bhfeidhmiú ár bhfeidhmeanna reachtúla iniúchta agus scrúdaithe. Tá sé sin i bhfeidhm lena chinntiú nach bhfuil srian suntasach le cumas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na feidhmeanna sin a chomhlíonadh (Alt 60(3)(c)(iii) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018).

# Prionsabal 5 - teorannú stórála

**Ní choimeádfar sonraí pearsanta níos faide ná is gá chun na gcríocha chucu ar bailíodh iad nó atá ag teastáil ón dlí nó ó imthosca eile.**

Is iad an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus rialacháin in 1988 na príomhreachtanna a bhaineann le bainistíocht, diúscairt nó coimeád thaifid Ranna an Stáit, lena n-áirítear taifid ár nOifige féin. Ní thugtar tús áite d'aon reachtaíocht ar an Acht maidir le bainistíocht taifead poiblí.

Tá Beartas Bainistíochta Taifead againn a leagann amach an tréimhse coimeádta le haghaidh taifid atá i sraitheanna áirithe a chomhfhreagraíonn do phríomhfheidhmeanna gnó na hOifige.

Tá sé de dhualgas orainn de réir an dlí údarú a iarraidh ar Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta maidir le scriosadh na dtaifead ar fad ar ábhar iad do reachtaíocht na Cartlainne Náisiúnta. Tá sé mar aidhm againn taifid a bhaineann le hiniúchadh agus scrúduithe a scriosadh, de réir na reachtaíochta agus ár mBeartais Bainistíochta Taifead.

# Prionsabal 6 - sláine agus rúndacht

**Cuirfear bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm lena chinntiú go gcosnófar sonraí pearsanta ar chineálacha éagsúla sáruithe ar shonraí.**

Tá ardchaighdeáin slándála fisiciúla agus teicniúla ríthábhachtach chun rúndacht sonraí pearsanta a chosaint. Chun na críche sin tá bearta slándála cuí curtha i bhfeidhm againn lena n-áirítear, i measc nithe eile,

- deimhniú Chóras Bainistíochta um Shlándáil Faisnéise ISO 27001 a chaomhnú
- a chinntiú nach mbeidh rochtain ar fhaisnéis ach ag baill foirne údaraithe agus nach rachaidh an rochtain sin ach chomh fada leis an fhaisnéis atá riachtanach chun a ndualgais socraithe a chomhlíonadh
- áitribh a choimeád sábháilte, go háirithe nuair nach bhfuil aon duine iontu
- a chinntiú go mbeidh córais ríomhaireachta sábháilte go fisiciúil agus go rialófar rochtain
- a chinntiú go n-iomprófar go cúramach trealamh agus comhaid idir áiteanna
- rochtain ar ár gcórais ríomhaireachta a theorannú trí úsáid a bhaint as pasfhocail (lena n-áirítear nósanna imeachta a bhaineann le slándáil phasfhocail), trí chearta rochtana a rialú agus trí fhaisnéis a fholú ó radharc ón taobh amuigh
- a chinntiú go mbainfear úsáid as nósanna imeachta cuí chun sonraí pearsanta a aistriú lena n-áirítear úsáid tairseach gréasáin sábháilte agus aistriú sábháilte comhad fisiciúil
- a chinntiú go gceanglóidh gach ball foirne le córas na hOifige trí ríomhairí dír-rochtana nó trí Citrix agus nach stórálfar aon sonraí pearsanta ar ríomhairí glúine
- a chinntiú go mbeidh sonraí pearsanta a bheidh stóráilte ar chomhaid pháipéir sábháilte nuair nach mbeidh siad in úsáid, agus iad faoi ghlas i gcaibinéad agus rochtain orthu teorannaithe dóibh siúd amháin a bhfuil fáthanna gnó acu le rochtain a fháil orthu, más féidir
- saoráidí cuí a bheith ann chun diúscartha dramhaíola rúnda
- cuntais iniúchta a choimeád a bhaineann le rochtain chun léite, le hathruithe, le nithe a cuireadh leis an gcóras TFC agus le nithe a baineadh den chóras

# Prionsabal 6 *(ar aghaidh)*

- beartas úsáide inghlactha TFC a bheith ann agus beartas ríomhaire glúine agus beartas gléis stórála BUS i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh na baill foirne ar fad go hiomlán ar an eolas faoina n-oibleagáid maidir le rochtain ar sheirbhísí oifigiúla TFC agus le húsáid na seirbhísí sin
- beartas um na meáin shóisialta (laistigh de Bheartas TFC na hOifige) a chuireann na riachtanais agus na srianta faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, i gcuimhne don fhoireann
- clásail chuí maidir le cosaint sonraí agus rúndacht a chur isteach i socruithe le haon phróiseálaithe sonraí pearsanta a dhéantar ar ár son, lena n-áirítear
  a) na coinníollacha faoina bhféadfadh sonraí a phróiseáil
  b) an méid is lú beart slándála ar chóir do na próiseálaithe sonraí a chur i bhfeidhm
  c) córais nó forálacha a chuirfidh ar chumas na hOifige a chinntiú go gcomhlíonfaidh aon phróiseálaí sonraí na riachtanais slándála lena n-áirítear ceart scrúdaithe nó iniúchadh neamhspleách
  d) coimeád/diúscairt: go ginearálta, tá na tréimhsí coimeádta le haghaidh sonraí mar atá leagtha amach inár mBeartas Bainistíochta Taifead bunaithe ar na forálacha reachtúla a bhaineann leis an réimse bainteach, le riachtanais iniúchta agus le prionsabal 5.

# Freagracht

## Cearta an ábhair sonraí

Is ionann ábhar sonraí, faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheant (duine aonair) a ndéantar próiseáil ar a c(h)uid sonraí pearsanta.

Ciallaíonn sé sin gur ábhar sonraí thú má choimeádann nó má úsáideann cuideachta nó eagraíocht aon fhaisnéis a bhaineann leat, amhail d'ainm, do shuíomh, nó aitheantóir ar líne. Mar ábhar sonraí, tá cearta agat faoin RGCS, lena n-áirítear an ceart chun eolas a chur ort faoi do shonraí, an ceart chun rochtain a fháil orthu agus iad a cheartú, agus an ceart chun iad a scriosadh. Is le daoine atá beo amháin a bhaineann an téarma. Ní chuirtear an dlí maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm tar éis do dhuine bás a fháil.

## Freagracht ár bhfostaithe

Cé go bhfuil an Oifig, mar rialaitheoir sonraí, freagrach sa deireadh de réir an dlí as sonraí pearsanta a chosaint, tá sé de dhualgas ag na fostaithe ar fad maidir lena chinntiú go gcomhlíontar prionsabail na cosanta sonraí agus cloí lenár mbeartais slándála sonraí.

Leagtar de chúram ar gach fostaí a chinntiú go ndéantar aon sonraí pearsanta a bhfuil rochtain acu orthu, a bhainistíonn agus a riarann siad mar chuid dá ndualgais laethúla a láimhseáil de réir an RGCS agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann agus de réir an Bheartais Cosanta Sonraí seo.

Na fostaithe a sháraíonn na rialacha maidir le cosaint sonraí, d'fhéadfaí go bhfaighfí go bhfuil an RGCS agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann á sárú acu nó, in imthosca áirithe, go bhfuil coir déanta acu faoin RGCS agus faoi reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann. Chomh maith leis sin, forálann an tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963, do smachtbhannaí agus d'fhíneálacha a bhaineann le sárú ar rúndacht faisnéise. D'fhéadfaí go gcoinneofaí na fostaithe reatha agus na hiarfhostaithe ar fad cuntasach maidir leis na sonraí ar fad a phróiseálann, a bhainistíonn agus a riarann siad le linn fheidhmiú a ndualgas san Oifig.

Tugtar faoi na gníomhartha seo a leanas chun cabhrú le fostaithe a ndualgais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh

- tá ár mbeartais um shlándáil sonraí ar fáil don fhoireann ar fad ar inlíon na hOifige
- cuirtear oiliúint chuí ar fáil don fhoireann ar fad maidir le slándáil sonraí agus cosaint sonraí
- cuirtear bainisteoirí ar an eolas faoina bhfreagracht chun baill foirne a oiliúint agus a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi bheartais um shlándáil sonraí na hOifige agus go bhfreastalaíonn siad ar na riachtanais a bhaineann leis na beartais sin
- iarrtar ar an fhoireann ar fad cuspóir caighdeánach maidir le comhlíonadh beartas um shlándáil sonraí a chur san áireamh ar a bhfoirmeacha próifíle mar chuid den phróiseas CBFF
- ní foláir do bhaill foirne a n-ainm a chur le gach comhad iniúchta maidir le comhlíonadh in TeamMate+.

## Ról agus Freagracht an Oifigigh Cosanta Sonraí

**Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh**

Déanann Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) monatóireacht ar chomhlíonadh eagraíochta leis an RGCS agus le dlíthe eile um chosaint sonraí, le beartais ábhartha, agus ar dháileadh freagrachtaí le haghaidh cosaint sonraí laistigh den chuideachta.

**Faisnéis agus comhairle**

Cuireann siad an eagraíocht, a fostaithe agus a próiseálaithe ar an eolas agus tugann siad comhairle dóibh maidir lena n-oibleagáidí faoi dhlíthe um chosaint sonraí agus cabhraíonn siad le feasacht na foirne a mhéadú agus le hoiliúint a chur ar fáil.

**Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí**

Cuireann an OCS comhairle ar fáil nuair atá Measúnú Tionchair Cosanta Sonraí ag teastáil (MTCS) agus déanann siad monatóireacht ar a fheidhmíocht.

**Pointe teagmhála**

Is é an OCS an príomhphointe teagmhála do dhaoine (ábhair sonraí) maidir lena gcearta agus don údarás maoirseachta ábhartha maidir le gach ceisteanna faoi chosaint sonraí.

**Bainistíocht teagmhais**
Glacann siad páirt ghníomhach i mbainistíocht an tsáraithe ar shonraí, lena n-áirítear tuairisciú a dhéanamh ar an údarás maoirseachta agus an teagmhas a choimeád faoi smacht.

## Freagracht Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Taifead Gníomhartha Próiseála a Choimeád (TGP)

Tá beartais chuí agus nósanna imeachta cuí curtha i bhfeidhm ag an Oifig maidir le cosaint sonraí, le slándáil faisnéise, le rialú rochtana agus le bainistíocht taifead ina léirítear ár bhfreagracht maidir le cosaint sonraí agus ár gcomhlíonadh le hoibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí.

Éilíonn Airteagal 30 den RGCS go gcoimeádann Rialaitheoirí Sonraí Taifead Gníomhartha Próiseála (TGP) atá faoina bhfreagracht. Forálann Airteagal 30 den RGCS an fhaisnéis ar chóir di a bheith sna taifid agus deir sé go gcaithfidh rialaitheoirí agus próiseálaithe a bheith in ann a leithéid de thaifid a chur ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) nuair a éilítear iad. Is bealach amháin é TGP, mar bheart chun comhlíonadh a léiriú, ina gcuireann Rialaitheoirí Sonraí prionsabal na freagrachta mar a leagtar amach in Airteagal 5(2) den RGCS in iúl agus i bhfeidhm. Léireoidh dréacht mhaith den TGP don CCS go dtuigeann Rialaitheoir Sonraí na gníomhartha próiseála ar fad a dtugtar fúthu laistigh den eagraíocht agus gur chuimhnigh sé nó sí ar chríocha na ngníomhartha sin.

### Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí

Is ionann Measúnú Tionchair Cosanta Sonraí (MTCS) agus próiseas atá deartha chun na rioscaí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a aithint agus na rioscaí sin a íoslaghdú chomh fada agus chomh luath agus is féidir. Is modhanna tábhachtacha iad MTCSanna chun riosca a chealú agus chun comhlíonadh an RGCS a léiriú.

Agus freagrachtaí RGCS á gcomhlíonadh, cuirfidh an Oifig costais an chur i bhfeidhm agus cineál, raon, comhthéacs agus críoch na próiseála san áireamh i gcomhar leis an riosca a bhaineann le dóchúlacht agus déine éagsúil maidir le cearta agus saoirse an ábhair sonraí. Nuair is féidir, ba chóir do na bearta slándála a cuireadh i bhfeidhm sárú ar shonraí a chosc agus nuair a tharlaíonn sárú, freagra pras a éascú.

Coimeádann an Oifig clár rioscaí corparáideach a athbhreithnítear go ráithiúil le linn an chruinnithe.

### Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú

Leagtar amach in Airteagal 25(1) agus Airteagal 25(2) den RGCS ár n-oibleagáidí maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus de réir réamhshocraithe.

Is éard is brí le **Príobháideachas trí Dhearadh** ná go gcuireann an oifig príobháideachas san áireamh sna céimeanna tosaigh den dearadh agus tríd an bpróiseas iomlán forbartha táirgí, próiseas nó seirbhísí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.

Is éard is brí le **Príobháideachas mar réamhshocrú**ná nuair a áiríonn córas nó seirbhís roghanna don duine maidir leis an méid sonraí pearsanta ar mhaith leo roinnt le daoine eile, ní foláir gurb iad na réamhshocruithe na socruithe is príobháidí don úsáideoir. Is ionann é sin agus go gcomhtháthaíonn an Oifig cosaint sonraí lenár ngníomhartha próiseála agus lenár gcleachtais ghnó, ó chéim an deartha ar aghaidh tríd an saolré.

### Comhaontuithe tríú páirtí

Caithimid le gach píosa sonraí pearsanta mar ábhair rúndachta agus ní úsáidimid a leithéid de shonraí ach chun na gcríoch inar bailíodh iad. D'fhéadfaimis sonraí a roinnt áfach le tríú páirtithe, amhail ranna rialtais eile nó údaráis phoiblí, nuair a cheadaítear nó is gá de réir foráil reachtúil ar leith. D'fhéadfaimis sonraí pearsanta a roinnt nuair is gá ionas gur féidir leis an Oifig a feidhmeanna a chomhlíonadh agus nuair atá seirbhísí á soláthar dúinn ag tríú páirtithe.

Déanfar gach aistriú laistigh de riachtanais reachtaíochta cosanta sonraí.

### Aistriú idirnáisiúnta

De ghnáth, ní aistreoidh an Oifig sonraí pearsanta lasmuigh de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa nó tríú tíortha. Sa chás go n-athróidh an seasamh sin, comhlíonfaimid ár n-oibleagáidí faoi Airteagal 46 den RGCS trí ghlacadh le ceann amháin de na bearta cuí a d'fhaomh an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus an Coimisiún Eorpach lena chinntiú gur dleathach iad a leithéid d'aistriú.

## Socruithe maidir le rialachas sonraí

Tá na socruithe rialachais seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais maidir le cosaint sonraí

- ***Fóram um Shlándáil Faisnéise*** – tá Fóram um Shlándáil Faisnéise curtha ar bun againn chun maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil faisnéise agus ar phróisis chosanta sonraí san Oifig.
- ***Oifigeach um Chosaint Sonraí*** – shannamar freagracht as cosaint sonraí d'Oifigeach um Chosaint Sonraí agus tá an Fóram um Shlándáil Faisnéise freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ról sin.
- ***Próiseas maidir le Bainistíocht Riosca*** – Láimhseáiltear rioscaí a bhaineann le stóráil, le láimhseáil agus le cosaint faisnéise pearsanta trínár bpróiseas maidir le bainistíocht riosca.
- ***Socruithe maidir le slándáil sonraí*** - cinntímid go bhfuil rialú cuí curtha i bhfeidhm chun riachtanais an chaighdeáin slándála faisnéise ISO 27001 a chomhlíonadh. Tugtar go rialta faoi iniúchtaí neamhspleácha ar ár gcóras bainistíochta slándála faisnéise lena n-áirítear iniúchtaí faireachais a dhéanann comhlacht deimhniúcháin ISO.
- ***Scrúdú agus athbhreithniú cosanta sonraí*** - chun caighdeán na sonraí a choimeádann an Oifig a chinntiú, agus lena chinntiú gur cuí laistigh de théarmaí an Bheartais seo an chaoi a n-úsáidtear a leithéid de shonraí agus an rochtain atá orthu, scrúdóimid agus athbhreithneoimid nósanna imeachta maidir le cosaint sonraí mar chuid dár bpróiseas comhlíonta leanúnach.
- ***Freagracht Sheachtrach*** - D'fhéadfadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí iniúchtaí seachtracha ar gach gné de chosaint sonraí laistigh den Oifig a dhéanamh.

## An prótacal chun sáruithe a thuairisciú

Is ionann sárú ar shonraí agus sonraí pearsanta a cuireadh i gcontúirt a nochta neamhúdaraithe, a chaillte, a scriosta nó a athraithe agus iad i bhfoirm láimhe nó leictreonach. D'fhéadfaí rochtain mhíchuí ar fhaisnéis phearsanta ar chórais na hOifige nó faisnéis phearsanta a sheoladh chuig an duine mícheart a chur san áireamh maidir leis sin.

Má tharlaíonn aon sárú ar an mBeartas um Chosaint Sonraí nó ar na riachtanais reachtúla an RGCS agus ar riachtanais reachtúla reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann, ní foláir cloí lenár *mBeartas maidir le Sárú ar Shonraí agus ár Nós Imeachta Tuairiscithe maidir le Teagmhas Slándála nó Sárú ar Shonraí*. Ní foláir eolas a chur ar OCS na hOifige nuair a tharlaíonn sárú. Nuair a mheastar go bhfuil baol ann do chearta agus do shaoirse an ábhair sonraí, ní foláir don Oifig eolas a chur ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí gan mhoill agus laistigh de 72 uair de bheith ar an eolas faoin sárú.

Leagtar amach in Aguisín 2 eolas maidir le ról an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus a chumhachtaí.

# Aguisín 1

**Sainmhíniúcháin ar fhocail nó ar fhrásaí a úsáidtear maidir le cosaint sonraí pearsanta agus dá dtagraítear i dtéacs an Bheartais um Chosaint Sonraí**

**An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018** - bronnann reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann cearta ar dhaoine chomh maith le freagrachtaí ar na daoine sin a láimhseálann, a phróiseálann, a bhainistíonn agus a riarann sonraí pearsanta. Ní foláir don fhoireann ar fad san eagraíocht forálacha reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann a chomhlíonadh nuair atá faisnéis phearsanta á bailiú agus á stóráil acu agus nuair atá siad ag obair léi. Baineann sé sin le faisnéis phearsanta a bhaineann le fostaithe na heagraíochta agus le daoine a dhéanann caidreamh leis eagraíocht araon.

**Sonraí** – Faisnéis i bhfoirm ar féidir í a phróiseáil. Áirítear sonraí uathoibrithe nó leictreonacha (aon fhaisnéis atá ar ríomhaire nó faisnéis a thaifeadtear chun í a chur ar ríomhaire) agus sonraí láimhe (faisnéis a thaifeadtear mar chuid de chóras comhdúcháin ábhartha nó a thaifeadtear chun go mbeidh sí mar chuid de chóras comhdúcháin ábhartha).

**Córais Chomhdúcháin Ábhartha** – Aon tacar faisnéise a eagraítear de réir ainm, meastar UPSP (más bainteach in eagraíocht), uimhir phárolla, uimhir fostaí nó dáta breithe nó aon aitheantóir uathúil eile, uile a bheith ábhartha.

**Sonraí Pearsanta** – Sonraí a bhaineann le duine atá beo ar féidir é nó í a aithint mar gheall ar na sonraí nó mar gheall ar na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá i seilbh rialaitheoir na sonraí nó i gcomhar le faisnéis gur dócha go dtiocfadh sí i seilbh rialaitheoir na sonraí.

**Iarratas ar Rochtain** – Nuair a dhéanann duine iarratas ar an eagraíocht chun a s(h)onraí pearsanta a nochtadh.

**Próiseáil Sonraí** – Aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar, lena n-áirítear

- Na sonraí a fháil, a thaifeadadh nó a choimeád
- Na sonraí a bhailiú, a eagrú, a stóráil, a athrú nó a oiriúnú
- Na sonraí a aisghabháil, a úsáid nó a cheadú
- Na sonraí a nochtadh trínaa seachadadh, a gcraobhscaoileadh nó iad a chur ar fáil i mbealach eile
- Na sonraí a ailíniú, a thabhairt le chéile, a léirscrios, a scriosadh nó bac a chur

**Ábhar Sonraí** – Duine is ábhar do shonraí pearsanta.

**Rialaitheoir Sonraí**– Duine a riarann (ina (h)aonar nó le daoine eile) ábhair agus úsáid sonraí pearsanta.

**Próiseálaí Sonraí** – Duine a phróiseálann faisnéis phearsanta ar son rialaitheoir sonraí ach ní áirítear leis sin rialaitheoir sonraí a phróiseálann a leithéid de shonraí le linn a f(h)ostaíochta, mar shampla, d'fhéadfadh fostaí eagraíochta dá seachfhoinsíonn an rialaitheoir sonraí obair a bheith i gceist. Cuireann reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann freagrachtaí ar a leithéid d'eintitis maidir lena bpróiseáil sonraí.

# Aguisín 2

**Forfheidhmiú Reachtaíocht Cosanta Sonraí na hÉireann**

*Ról an Choimisiúin um Chosaint Sonraí*

Bhunaigh reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann an oifig neamhspleách den Choimisiúin um Chosaint Sonraí (an Coimisiún). Ceapann an Rialtas an Coimisiún agus tá sé neamhspleách i ndéanamh a bhfeidhmeanna. Is é feidhm an Choimisiúin ná a chinntiú go gcomhlíonann iad siúd a choimeádann sonraí pearsanta a bhaineann le daoine na forálacha den RGCS agus de reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann.

Tá raon leathan cumhachtaí forfheidhmithe ag an gCoimisiún a thacaíonn lena chinntiú go gcomhlíontar prionsabail maidir le cosaint sonraí. Áiríonn sin seirbheáil fógraí dlíthiúla a chuireann iallach ar rialaitheoir sonraí faisnéis a sholáthar atá ag teastáil chun cabhrú lena f(h)iosrúcháin, a chuireann iallach ar rialaitheoir sonraí foráil i reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann a chur i bhfeidhm, etc.

Fiosraíonn an Coimisiún freisin gearáin a rinne an pobal maidir le sonraí pearsanta agus tá cumhachtaí leithne aige sa réimse sin. Mar shampla, d’fhéadfadh an Coimisiún údarás a thabhairt d’oifigigh chun dul isteach in áitribh agus imscrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis phearsanta atá ar ríomhaire nó ar chórais chomhdúcháin páipéir ábhartha. Is féidir le daoine den phobal ar mian leo gearáin fhoirmiúla a dhéanamh scríobh chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, 6 Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2, D02 X963 Éire nó geará(i)n a dhéanamh ar líne ar a suíomh gréasáin.

Tá cumhacht ag an gCoimisiún fíneáil riaracháin chomh hard le milliún euro a fhorchur ar chomhlachtaí earnála poiblí a sháraigh na riachtanais maidir le cosaint sonraí.

# Aguisín 3

**Teagmhálacha Úsáideacha**

**Comhairle/Cabhair**
Ba chóir do gach iarratais le haghaidh comhairle agus cabhrach maidir le fadhbanna cosanta sonraí laistigh den Oifig a chur chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí trí na sonraí teagmhála thíos a úsáid.

An tOifigeach Cosanta Sonraí
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A
Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72
Glaoigh (01) 863 8600 nó seol ríomhphost chuig dpo@audit.gov.ie

**Tuilleadh Eolais**
An Coimisiún um Chosaint Sonraí